Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/0239(COD)

10.7.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de chreat na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [maidir le Pleananna CNR], agus ar Ciste é lena mbunaítear coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034 (COM(2025)0558 – C10-0172/2025 – 2025/0239(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Alessandra Moretti

PA_Legam

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne in iúl don Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas :

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a áirithiú go gcuirfear comhionannas inscne chun cinn agus go ndéanfar príomhshruthú inscne a chomhtháthú le linn ullmhú, chur chun feidhme, fhaireachán agus mheastóireacht na ngníomhaíochtaí uile a dtacaíonn CSE leo. Ba cheart do bhearta CSE a fhaigheann tacaíocht rannchuidiú le deireadh a chur le bacainní struchtúracha ar rannpháirtíocht iomlán na mban sa tsochaí agus i margadh an tsaothair, lena n-áirítear dáileadh éagothrom freagrachtaí cúraim, deighilt i margadh an tsaothair, na bearnaí pá agus pinsin idir na hinscní, foréigean inscnebhunaithe, agus rochtain mhíchothrom ar sheirbhísí, lena n-áirítear cúram sláinte. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar mhná a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar idirdhealú trasnach, lena n-áirítear mná imirceacha, mná ciníochaithe, mionlaigh thraidisiúnta eitneacha fánaíochta, mná Romacha, mná faoi mhíchumas, máithreacha aonair, mná scothaosta agus mná LADTIA.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Tá dúshláin struchtúracha os comhair an Aontais, ar dúshláin iad a eascraíonn as na nithe seo a leanas: domhandú eacnamaíoch, slabhraí soláthair leochaileacha, bainistiú sreafaí imirce agus an bhagairt slándála níos mó, an t-aistriú chuig fuinneamh glan, an ***t-athrú*** teicneolaíoch agus an t-athrú déimeagrafach, lucht saothair atá ag dul in aois, easpa tithíochta sóisialta, agus ganntanais scileanna agus saothair atá ag méadú in go leor earnálacha agus réigiún.	(4) Tá dúshláin struchtúracha os comhair an Aontais, ar dúshláin iad a eascraíonn as na nithe seo a leanas: domhandú eacnamaíoch***, athrú aeráide***, slabhraí soláthair leochaileacha, bainistiú sreafaí imirce agus an bhagairt slándála níos mó, ***cogadh,*** an t-aistriú chuig fuinneamh glan, an t-athrú teicneolaíoch agus an t-athrú déimeagrafach, lucht saothair atá ag dul in aois, ***neamhionannais atá ag dul i méid, lena n-áirítear neamhionannais inscne leanúnacha agus cineálacha trasnacha neamhionannais agus ionsaithe agus céimeanna ar gcúl atá ag dul i méid i gcoinne chearta na mban a baineadh amach, rochtain mhíchothrom ar sheirbhísí sláinte agus cúraim inacmhainne agus ar ardchaighdeán,*** easpa tithíochta sóisialta ***agus inacmhainne***, agus ganntanais ***mhéadaitheacha*** scileanna agus lucht saothair in go leor earnálacha agus réigiún. ***Is mó an tionchar a bhíonn ag iarmhairtí na ndúshlán sin ar dhaoine a ndéanann idirdhealú trasnach atá bunaithe ar ghnéas, inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne difear dóibh.***

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Agus na réaltachtaí athraitheacha i saol na hoibre á gcur san áireamh, ba cheart an tAontas a bheith ullamh do	(5) Agus na réaltachtaí athraitheacha i saol na hoibre á gcur san áireamh, ba cheart an tAontas a bheith ullamh do

dhúshláin atá ann faoi láthair agus do dhúshláin a bheidh ann amach anseo trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna ábhartha, tríd an bhfás a dhéanamh níos cuimsithí agus trí fheabhas a chur ar bheartais fostaíochta ***agus*** shóisialta, lena n-áirítear i bhfianaise shoghluaisteacht an lucht saothair agus athstruchtúrú earnálach, agus aird ***a thabhairt*** ar cheantair uirbeacha ***agus*** thuaithe a bhfuil orthu dul i ngleic le laigí sóisialta ar leith.	dhúshláin atá ann faoi láthair agus do dhúshláin a bheidh ann amach anseo trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna ábhartha, tríd an bhfás ***inbhuanaithe*** a dhéanamh níos cuimsithí, níos inbhuanaithe ***agus níos freagrúla ó thaobh inscne de*** agus trí fheabhas a chur ar bheartais fostaíochta, shóisialta, ***sláinte agus comhionannais inscne,*** lena n-áirítear i bhfianaise shoghluaisteacht an lucht saothair agus athstruchtúrú earnálach. ***Go háirithe, ba cheart don Aontas rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta, shlán, chothrom, íoctha agus neamhfhorbhásach a chur chun cinn, dálaí fiontraíochta na mban a fheabhsú, agus bearnaí inscne leanúnacha a dhúnadh. Ba cheart dó*** aird ***a thabhairt*** ar cheantair uirbeacha, thuaithe ***agus oileáin*** a bhfuil laigí sóisialta ar leith le sárú acu.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Príomhghné chun dúshláin a bhaineann le ganntanais lucht saothair, saincheisteanna sóisialta agus fostaíocht a réiteach is ea an t-iomaíochas a neartú, fiontair agus infheistíochtaí a chur chun cinn mar chuid de gheilleagar margaidh dea-fheidhmiúil.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Idir seo agus 2040, beidh thart ar 1 mhilliún duine níos lú i margadh saothair an Aontais gach bliain. Thairis sin, chomh maith le lucht saothair atá ag laghdú, tá	(6) Idir seo agus 2040, beidh thart ar 1 mhilliún duine níos lú i margadh saothair an Aontais gach bliain. Thairis sin, chomh maith le lucht saothair atá ag laghdú, tá

sciar beag marbhánta den daonra ag a bhfuil oideachas treasach i roinnt réigiún, rud a fhágann gur deacair caillteanas oibrithe a chúiteamh le táirgiúlacht oibre níos fearr. Beidh brú breise ar shamhail leasa shóisialta an Aontais dá bharr, rud a chuirfidh inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht na samhla faoi bhrú. Cuirfear le ganntanais saothair agus scileanna i margadh an tsaothair freisin, rud a fhágfaidh go mbeidh an fás eacnamaíoch agus an t-iomaíochas faoi bhrú. I gcás earnálacha áirithe, beidh brúnna costais saothair ann dá bharr. Is é sin an fáth nach mór, le CSE, tacú le méadú ar rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, go háirithe i gcás ban ***agus daoine óga***, daoine faoi mhíchumas agus pobail Romacha, ***agus*** tacú le fostóirí na daoine cearta a aimsiú do na poist atá ar fáil, oibrithe scothaosta a chumhachtú le bearta iomchuí maidir leis an margadh saothair agus an ionad oibre, a áirithiú go mbeidh lucht saothair oilte ann a bheidh in ann dul i ngleic le mórdhúshláin shochaíocha, agus tacú le cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil ***lena n-áirítear*** trí rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán a áirithiú.

sciar beag marbhánta den daonra ag a bhfuil oideachas treasach i roinnt réigiún, rud a fhágann gur deacair caillteanas oibrithe a chúiteamh le táirgiúlacht oibre níos fearr. Beidh brú breise ar shamhail leasa shóisialta an Aontais dá bharr, rud a chuirfidh inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht na samhla faoi bhrú. Cuirfear le ganntanais saothair agus scileanna i margadh an tsaothair freisin, rud a fhágfaidh go mbeidh an fás eacnamaíoch ***agus inbhuanaithe*** agus an t-iomaíochas faoi bhrú. I gcás earnálacha áirithe, beidh brúnna costais saothair ann dá bharr. Is é sin an fáth nach mór, le CSE, tacú le méadú ar rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, go háirithe i gcás ban ***a ndéanann dífhostaíocht, tearcfhostaíocht, ró-ionadaíocht in obair pháirtaimseartha, earnálacha ar phá íseal agus deighilt sa mhargadh saothair difear díréireach dóibh, iad siúd ar mian leo filleadh ar an bhfostaíocht tar éis dualgais chúraim agus iad siúd a bhfuil cineálacha trasnacha idirdhealaithe os a gcomhair, lena n-áirítear*** daoine faoi mhíchumas, pobail Romacha, ***daoine óga agus mná ó ghrúpaí imeallaithe eile. Ba cheart go n-éascódh CSE freisin*** tacú le fostóirí na daoine cearta a aimsiú le haghaidh na bpost atá ar fáil, oibrithe scothaosta a chumhachtú le bearta iomchuí maidir leis an margadh saothair agus leis an ionad oibre, lucht saothair oilte a áirithiú a bheidh in ann dul i ngleic le mórdhúshláin shochaíocha, agus tacú le cothromaíocht shláintiúil ***agus fheabhsaithe*** i saol na hoibre trí ***sciar comhionann na seirbhísí cúraim agus cúraim idir mná agus fir a chur chun cinn, tacú le socruithe solúbtha agus cianoibre, saoire atharthachta agus saoire chomhroinnte cúraim tuismitheora*** agus rochtain ar chúram leanaí ardcháilíochta ***agus inacmhainne agus ar sheirbhís cúraim fhadtéarmaigh a áirithiú agus tacú le cúramóirí, ar mná iad a bhformhór***.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) Is dúshlán mór don inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta iad forbairtí déimeagrafacha agus an meath mór ar rátaí breithe. Le rochtain mhíchothrom ar sheirbhísí cúraim sláinte atáirgthe, lena n-áirítear do mhná agus do lánúineacha a bhfuil neamhthorthúlacht rompu mar gheall ar riochtaí sláinte, rannchuidítear le neamhionannais shóisialta a dhoimhniú agus cuirtear teorainn le feidhmiú na gceart bunúsach, lena n-áirítear an ceart chun sláinte agus chun saol an teaghlaigh. Ba cheart do chistí Eorpacha, lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa, tacú le rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte, comhairleoireacht, cosc agus tacaíocht shóisialta i réimsí na neamhthorthúlachta, rátaí breithe agus laghdú an mheatha dhéimeagrafaigh.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6b) Tá sé cruthaithe go rannchuidíonn an geilleagar sóisialta leis an gcomhionannas inscne, agus níos mó ban i bpoist cheannaireachta, bearnaí pá níos ísle agus dálaí níos fearr le haghaidh cothromaíocht oibre is saoil. Ba cheart é a aithint mar thosaíocht straitéiseach de chuid CSE chun neamhspleáchas eacnamaíoch na mban agus cosaint chearta na gcailíní a chur chun cinn.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) An 29 Eanáir 2025, chuir an Coimisiún an Compás Iomaíochais i láthair. Leis an gCompás, leagtar amach conair chun gurb í an Eoraip an áit a ndéanfar teicneolaíochtaí, seirbhísí agus táirgí glana na todhchaí a cheapadh, a mhonarú agus a chur ar an margadh, agus chun gurb í an chéad mhór-roinn a bheidh aeráidneodrach freisin. Aithnítear ann cúig chumasóir chothrománacha le haghaidh iomaíochais, lena n-áirítear scileanna agus fostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn, agus cuirtear i dtábhacht ann gurb í muintir na hEorpa is bonn le hiomaíochas na hEorpa. Chun a bheith iomaíoch agus ullamh don todhchaí, ní mór don Aontas tacú lena mhuintir agus í a ullmhú leis na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun go n-éireoidh leo san fhoghlaim, san obair agus sa saol.	(7) An 29 Eanáir 2025, chuir an Coimisiún an Compás Iomaíochais i láthair. Leis an gCompás, leagtar amach conair chun gurb í an Eoraip an áit a ndéanfar teicneolaíochtaí, seirbhísí agus táirgí glana na todhchaí a cheapadh, a mhonarú agus a chur ar an margadh, agus chun gurb í an chéad mhór-roinn a bheidh aeráidneodrach freisin. Aithnítear ann cúig chumasóir chothrománacha le haghaidh iomaíochais, lena n-áirítear scileanna agus fostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn, agus cuirtear i dtábhacht ann gurb í muintir na hEorpa is bonn le hiomaíochas na hEorpa. Chun a bheith iomaíoch agus ullamh don todhchaí, ní mór don Aontas tacú lena mhuintir agus í a ullmhú leis na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun go n-éireoidh leo san fhoghlaim, san obair agus sa saol. ***Ba cheart do CSE fostaíocht agus cumhachtú na mban a chur chun cinn trína rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus a bhfiontraíocht a éascú toisc go bhfuil sé ríthábhachtach neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a neartú chun geilleagar cothrom, cuimsitheach agus athléimneach a chothú, comhtháthú sóisialta agus iomaíochas a neartú agus a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus na Prionsabail maidir le Sochaí Chomhionann Inscne.***

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

	(7a) Leis an intleacht shaorga agus an teicneolaíocht nua, tá an deis ann fás eacnamaíoch agus forbairt a dhéanamh agus margadh saothair níos éifeachtúla, níos cothroime ó thaobh inscne de agus níos cliste a bheith ann, rud a chuirfidh ar chumas an Aontais na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a réiteach. Ní mór do bheartais an Aontais na deiseanna sin a spreagadh freisin.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Ina theannta sin, an 26 Feabhra 2025, ghlac an Coimisiún an Teachtaireacht ‘An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú’. Tá sé sár-riachtanach aitheantas a thabhairt do ról criticiúil na scileanna chun aistriú rathúil chuig todhchaí thionsclaíoch níos glaine agus níos iomaíche a éascú laistigh den Aontas. Beidh sé fíor-riachtanach lucht saothair ardoilte a fhorbairt chun an nuálaíocht a spreagadh agus an dícharbónú agus an chiorclaíocht a chur chun cinn ar fud tionscail sár-riachtanacha. Beidh ríthábhacht leis an bhfócas sin ar fheabhsú scileanna chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach maidir le haistriú cóir agus chun iomaíochas domhanda an Aontais a chothú agus a fheabhsú. Thairis sin, tá rochtain ar acmhainní comhshaoil agus na tairbhí a bhaineann leo dáilte go míchothrom ar fud na sochaí, agus is amhlaidh an cás i gcás guaiseacha comhshaoil agus rioscaí sláinte freisin. Is mó seans go dtitfidh siad go díréireach ar ghrúpaí leochaileacha.	(8) Ina theannta sin, an 26 Feabhra 2025, ghlac an Coimisiún an Teachtaireacht ‘An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú’. Tá sé sár-riachtanach aitheantas a thabhairt do ról criticiúil na scileanna chun aistriú rathúil chuig todhchaí thionsclaíoch níos glaine agus níos iomaíche a éascú laistigh den Aontas. Beidh sé fíor-riachtanach lucht saothair ardoilte a fhorbairt ***agus deireadh a chur leis na bacainní atá ann faoi láthair lena gcuirtear teorainn le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, go háirithe do mhná, mar gheall ar leithscaradh cothrománach agus ingearach sa mhargadh saothair*** chun nuálaíocht a spreagadh agus dícharbónú agus ciorclaíocht a chur chun cinn ar fud tionscail ríthábhachtacha. ***Dá bhrí sin, ba cheart do CSE tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe na mban in earnálacha ina bhfuil siad faoi ghannionadaíocht. Ba cheart don Aontas dul i ngleic le bearnaí inscne san fhostaíocht agus comhionannas inscne a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha trí Phlean Gníomhaíochta maidir le Mná sa Taighde, sa Nuálaíocht agus i***

nGnólachtaí Nuathionscanta a sheoladh, arb é is aidhm dó an tAontas a dhéanamh ar an áit oibre is tarraingtí do mhná san earnáil sin faoi 2030. Beidh ríthábhacht leis an bhfócas sin ar fheabhsú scileanna chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach maidir le haistriú cóir agus chun iomaíochas domhanda agus ***inbhuanaitheacht dhomhanda*** an Aontais a chothú agus a fheabhsú. Thairis sin, ***ba cheart do CSE rannchuidiú le haistriú glas atá cóir go sóisialta, agus aghaidh á tabhairt ar thionchair dhíréireacha an athraithe aeráide, an díghrádaithe comhshaoil agus an truaillithe ar mhná agus ar ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear trí bhearta chun dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, neamhionannais chomhshaoil agus rioscaí gaolmhara sláinte.*** Tá ***an*** rochtain ar acmhainní comhshaoil agus na tairbhí a bhaineann leo dáilte go míchothrom ar fud na sochaí, agus is amhlaidh an cás i gcás guaiseacha comhshaoil agus rioscaí sláinte freisin. Is mó seans go dtitfidh siad go díréireach ar ghrúpaí leochaileacha.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Thairis sin, an 5 Márta 2026 ghlac an Coimisiún a 'Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2026-2030', agus chuir sé i bhfios go láidir go bhfuil comhionannas inscne fíor-riachtanach chun spriocanna straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear comhtháthú sóisialta a chothú agus iomaíochas a neartú. Cuirtear i dtábhacht sa straitéis freisin go dtuilleann mná 12% níos lú in aghaidh na huaire ar an meán ná fir san Aontas agus go bhfuil an bhearna phinsin idir na hinscní san Aontas fós cothrom le 25%, rud a léiríonn

neamhionannais inscne leanúnacha i margadh an tsaothair. Is éard atá i gceist le dul i ngleic leis sin ná éagóir a cheartú agus Conarthaí an Aontais agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, agus ar an gcaoi sin leas a bhaint as acmhainneacht eacnamaíoch an chomhionannais inscne fheabhsaithe. Tá mná, go háirithe mná ar leochaileach a gcás, i mbaol níos mó bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ar fud an Aontais. Mar shampla, bíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí aonair, ar mná iad den chuid is mó, greim a choinneáil faoin bhfiacail agus bíonn orthu aghaidh a thabhairt ar dhá oiread riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta leis an bpobal i gcoitinne. Ina theannta sin, bíonn tionchar ag an mbochtaineacht mhíosta agus mhíostraithe ar go leor ban ar fud an Aontais. Cuirtear i dtábhacht sa straitéis go mbíonn tionchar ag steiréitíopaí inscne ar roghanna oideachais agus go mbíonn iarmhairtí ar feadh an tsaoil acu, rud a chuireann le leithscaradh gairme. Is féidir le hoideachas atá íogair ó thaobh inscne de a bheith ina uirlis fhíorchlaochlaitheach chun dul i ngleic le neamhionannais inscne agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh san Aontas, gan beann ar a n-inscne, ar oideachas agus ar oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Is é is aidhm d'Aontas na Scileanna tacú le córais oideachais, oiliúna agus scileanna atá ar ardcháilíocht, cuimsitheach agus inoiriúnaithe a fhorbairt chun iomaíochas, ullmhacht, slándáil agus daonlathas an Aontais a mhéadú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAontas na Scileanna,	(9) Is é is aidhm d'Aontas na Scileanna tacú le córais oideachais, oiliúna agus scileanna atá ar ardcháilíocht, cuimsitheach agus inoiriúnaithe a fhorbairt chun iomaíochas, ullmhacht, slándáil agus daonlathas an Aontais a mhéadú. ***Is éard atá i gceist leis sin bacainní struchtúracha***

ba cheart don Aontas cistiú leordhóthanach a áirithiú chun bonn láidir scileanna a thógáil agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe ar feadh an tsaoil atá dírithe ar an todhchaí a chur chun cinn do chách, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach. Cuirfidh sé sin go háirithe le scileanna digiteacha agus le heochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin ach chomh maith leis sin cuirfidh sé le scileanna chun tacú le hearnálacha a bheidh ag teacht chun cinn, d'fhonn scileanna a bheidh in oiriúint don digitiú, d'athruithe a bheidh spreagtha ag an teicneolaíocht agus ag an nuálaíocht agus don athrú sóisialta agus eacnamaíoch a chur ar fáil do dhaoine, rud a éascóidh aistrithe gairme beatha agus soghluaisteacht agus a thacóidh go háirithe le daoine fásta ar bheagán scileanna nó cáilíochtaí. I gcomhréir le hAontas na Scileanna, ní mór aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach trí oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú, tríd an oideachas a ailíniú le riachtanais tionscail, agus trí chomhpháirtíochtaí a chothú i measc institiúidí oideachais, fostóirí agus údaráis phoiblí. Is gá freisin feabhas a chur ar an gciorclaíocht agus leithdháileadh leordhóthanach scileanna sa mhargadh inmheánach, lena n-áirítear trí inaistritheacht scileanna a éascú, agus is gá a bheith in ann scileanna a mhealladh agus a choinneáil san Aontas.

agus cultúrtha a shainaithint agus a dhíothú, ar bacainní iad a chuireann bac nó srian ar rannpháirtíocht iomlán agus chomhionann na mban san earnáil dhigiteach agus theicneolaíoch, lena n-áirítear i bpoist cheannaireachta. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí díobhálacha inscne a d'fhéadfadh teorainn a chur le deiseanna na mban agus na gcailíní ar chonairí oideachais agus gairme agus uas-sciliú agus athsciliú digiteach na mban ar mhargadh an tsaothair a chur chun cinn. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAontas na Scileanna, ba cheart don Aontas cistiú leordhóthanach a áirithiú chun bonn láidir scileanna a thógáil agus chun deiseanna uas-scilithe agus athscilithe ar feadh an tsaoil atá dírithe ar an todhchaí a chur chun cinn do chách, ***agus aird ar leith á tabhairt ar an bhfíoras go mbíonn bacainní breise roimh mhná, go háirithe iad siúd a bhfuil leithcheal trasnach os a gcomhair agus roimh ghrúpaí leochaileacha amhail daoine faoi mhíchumas, rud a chuireann bac ar a rannpháirtíocht san oiliúint, agus*** go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na n-aistrithe digiteacha agus glasa. ***Tá sé ríthábhachtach deiseanna oideachais a fheabhsú chomh maith le hoiliúint san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM), agus béim ar leith á leagan ar mhná agus ar chailíní, chun na bearnaí inscne atá ann faoi láthair i lucht saothair réimsí ETIM a shárú, lena dtairgtear tuarastail níos airde agus ionchais ghairme níos fearr, agus chun an litearthacht IS a fheabhsú.*** Cuirfidh sé sin go háirithe le scileanna digiteacha agus le heochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin ach chomh maith leis sin, cuirfidh sé le scileanna chun tacú le hearnálacha a bheidh ag teacht chun cinn, d'fhonn scileanna a bheidh in oiriúint don digitiú, d'athruithe a bheidh spreagtha ag an teicneolaíocht agus ag an nuálaíocht agus don athrú sóisialta agus eacnamaíoch a

chur ar fáil do dhaoine, rud a éascóidh aistrithe gairme beatha agus soghluaisteacht agus a thacóidh go háirithe le daoine fásta ar bheagán scileanna nó cáilíochtaí. I gcomhréir le hAontas na Scileanna, ní mór aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach trí oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú, tríd an oideachas a ailíniú le riachtanais tionscail, agus trí chomhpháirtíochtaí a chothú i measc institiúidí oideachais, fostóirí agus údaráis phoiblí. Is gá freisin feabhas a chur ar an gciorclaíocht agus leithdháileadh leordhóthanach scileanna sa mhargadh inmheánach, lena n-áirítear trí inaistritheacht scileanna a éascú, agus is gá a bheith in ann scileanna a mhealladh agus a choinneáil san Aontas, ***agus dúshaothrú scileanna agus imirce daoine oilte ó réigiúin bheagfhorbartha á gcosc ag an am céanna***.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(9a) I gcomhréir le hAontas na Scileanna, ba cheart don Aontas deiseanna uas-scilithe agus athscilithe ar feadh an tsaoil atá dírithe ar an todhchaí a chur chun cinn do chách, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, go háirithe do mhná. I ndáil leis an méid sin, is príomhghné é úsáid agus forbairt na hintleachta saorga a chur chun cinn agus a chumasú, chomh maith le tionscnaimh a chur chun cinn lena gcumhachtaítear fiontraíocht agus deiseanna féinfhostaíochta na mban, mná i róil cheannaireachta, agus béim á leagan ar rannpháirtíocht na mban i bpróisis chinnteoireachta a mhéadú, agus go háirithe mná sa ghnó agus in earnáil**

ETIM. Cuirfidh sé sin go háirithe le scileanna digiteacha agus le heochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin ach chomh maith leis sin cuirfidh sé le scileanna chun tacú le hearnálacha a bheidh ag teacht chun cinn, d'fhonn scileanna a bheidh in oiriúint don digitiú, d'athruithe a bheidh spreagtha ag an teicneolaíocht agus ag an nuálaíocht agus don athrú sóisialta agus eacnamaíoch a chur ar fáil do dhaoine, rud a éascóidh aistrithe gairme beatha agus soghluaisteacht agus a thacóidh go háirithe le mná agus cailíní, daoine fásta ar bheagán oiliúna nó daoine fásta nach bhfuil mórán cáilíochtaí acu.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9b) I gcomhréir le hAontas na Scileanna, ní mór aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach trí oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú, tríd an oideachas a ailíniú le riachtanais tionscail, agus trí chomhpháirtíochtaí a chothú i measc institiúidí oideachais, fostóirí agus údaráis phoiblí. Is gá freisin feabhas a chur ar an gciorclaíocht agus leithdháileadh leordhóthanach scileanna sa mhargadh inmheánach, lena n-áirítear trí inaistritheacht scileanna a éascú, agus is gá a bheith in ann scileanna a mhealladh agus a choinneáil san Aontas.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(9c) Tá ról tábhachtach ag cuideachtaí beaga agus meánchaipitlithe (FMBanna) maidir le hiomaíochas an Aontais a neartú, borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch, ganntanais lucht saothair a dhúnadh, fostaíocht na mban a chumasú agus comhionannas inscne a chur chun cinn.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Braitheann cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, lena n-áirítear CSE, ar dhea-rialachas agus ar chomhpháirtíocht idir na gníomhaithe ar fad ar na leibhéil chríochacha ábhartha agus na gníomhaithe socheacnamaíocha, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí shibhialta.	(11) Braitheann cur chun feidhme éifeachtúil agus éifeachtach na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, lena n-áirítear CSE, ar dhea-rialachas agus ar chomhpháirtíocht idir na gníomhaithe ar fad ar na leibhéil chríochacha ábhartha agus na gníomhaithe socheacnamaíocha, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta agus ***eagraíocht*** na sochaí sibhialta***, lena n-áirítear eagraíochtaí um chearta na mban, eagraíochtaí a oibríonn le mná agus cailíní i gcásanna leochaileacha chun a rochtain ar fhostaíocht, ar oiliúint, ar neamhspleáchas eacnamaíoch, ar thithíocht, ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar rannpháirtíocht shóisialta a chur chun cinn, eagraíochtaí a chosnaíonn sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, eagraíochtaí frithbhochtaineachta,*** eagraíochtaí ***um chearta daoine faoi mhíchumas.***

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

	(11a) Tá sé tábhachtach tacú le cuntais choigiltis agus infheistíochta agus iad a chur chun cinn i gcomhréir le dea-chleachtais ó na Ballstáit chun é a dhéanamh níos éasca d'infheistíochtaí i gcuideachtaí, go háirithe cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, chomh maith le geilleagar príobháideach daoine aonair a neartú. Tá sé sin ríthábhachtach chun neamhspleáchas agus fiontraíocht na mban a chumasú chomh maith leis an iomaíochas ina iomláine a chur chun cinn.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Chun sochaithe na hEorpa agus samhail shóisialta na hEorpa a neartú, ba cheart do na Ballstáit íosmhéid acmhainní a leithdháileadh ar CSE faoina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna CNR]. Mar gheall ar chineál éagsúil agus déine na ndúshlán socheacnamaíoch éagsúil sna Ballstáit, tá gá le cur chuige níos solúbtha maidir le clársceidealú. Cé go bhfuil gá le híosleibhéal tacaíochta do bheartais shóisialta chun gníomhaíocht atá i gcomhréir leis na dúshláin sin a áirithiú, ní mór an tacaíocht a bheith ag freagairt go dlúth do na saintréithe náisiúnta agus réigiúnacha freisin. Ní mór foinsí foluiteacha éagothromaíochtaí nó na fadhbanna sóisialta a bheith mar bhonn eolais don tábhacht choibhneasta a thugtar d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe laistigh de réimse na dTreoirlínte do Bheartas Fostaíochta agus réimse CSE. Tugann sé sin le tuiscint gur cheart coimircí beartais trí bhíthin díriú téamach a bheith mar thoradh ar idirphlé idir na	(12) Chun sochaithe na hEorpa agus samhail shóisialta na hEorpa a neartú, ba cheart do na Ballstáit íosmhéid acmhainní a leithdháileadh ar CSE faoina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna CNR]. Mar gheall ar chineál agus déine éagsúil na ndúshlán socheacnamaíoch éagsúil sna Ballstáit, tá gá le cur chuige níos solúbtha i leith an chlársceidealaithe, ***i gcomhréir le treoirlínte an Chiste seo agus le prionsabail ghinearálta Chonarthaí agus luachanna an Aontais.*** Cé go bhfuil gá le híosleibhéal tacaíochta do bheartais shóisialta chun gníomhaíocht atá i gcomhréir leis na dúshláin sin a áirithiú, ní mór an tacaíocht a bheith ag freagairt go dlúth do na saintréithe náisiúnta agus réigiúnacha freisin. Ní mór foinsí foluiteacha éagothromaíochtaí nó na fadhbanna sóisialta a bheith mar bhonn eolais don tábhacht choibhneasta a thugtar d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe laistigh de réimse na dTreoirlínte do Bheartas Fostaíochta agus réimse CSE.

Ballstáit agus an Coimisiún. Le híosmhéid CSE, ní mór cothromaíocht a aimsiú freisin idir an leas straitéiseach atá ag an Aontas maidir le hinfheistíocht a dhéanamh ina phobal, agus ar an gcaoi sin i gcáilíocht an tsoláthair saothair agus sa dul chun cinn sóisialta, agus riachtanais infheistíochta freisin a chumhdaítear le cuspóirí sonracha eile a liostaítear in Airteagal 3 den [Rialachán maidir le Pleananna CNR].

Tugtar le tuiscint leis sin gur cheart coimircí beartais trí bhíthin díriú téamach a bheith mar thoradh ar idirphlé idir na Ballstáit agus an Coimisiún. Le híosmhéid CSE, ní mór cothromaíocht a aimsiú freisin idir an leas straitéiseach atá ag an Aontas maidir le hinfheistíocht a dhéanamh ina phobal, agus ar an gcaoi sin i gcáilíocht an tsoláthair saothair agus sa dul chun cinn sóisialta, agus riachtanais infheistíochta freisin a chumhdaítear le cuspóirí sonracha eile a liostaítear in Airteagal 3 den [Rialachán maidir le Pleananna CNR]. ***Ba cheart do CSE leanúint de bheith ina chiste neamhspleách, agus a phríomh-mhisean a choinneáil maidir le rannchuidiú leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an múnla sóisialta Eorpach, ag tacú go sonrach le cuimsiú sóisialta na ngrúpaí is leochailí, lena n-áirítear mná. Dá ndéanfaí CSE a chomhtháthú i bpleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí, bheadh an baol ann go lagófaí an fíor-mhisean atá aige agus go laghdófaí an cistiú don chuimsiú sóisialta; tá sé ríthábhachtach CSE láidir infheicthe a choinneáil ag a bhfuil acmhainní leordhóthanacha chun cuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach.***

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Le CSE, ba cheart tacú le fostaíocht, le rochtain chomhionann do chách ar an margadh saothair, le dálaí oibre cothroma agus ar ardchaighdeán agus le soghluaisteacht lucht saothair. Le CSE, ba cheart tacú leis na Ballstáit maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine dífhostaithe agus neamhghníomhacha trí chúnamh éifeachtach, tráthúil,	(13) Le CSE, ba cheart tacú le fostaíocht, le rochtain chomhionann do chách ar an margadh saothair, le dálaí oibre cothroma agus ar ardchaighdeán agus le soghluaisteacht lucht saothair. ***Ba cheart do CSE rannpháirtíocht sa mhargadh saothair atá cothrom ó thaobh inscne de a chur chun cinn trí bhearta arb é is aidhm dóibh, inter alia, dálaí oibre cuibhiúla***

comhordaithe agus saincheaptha atá bunaithe ar thacaíocht maidir le cuardaigh poist, oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin eile, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine atá i gcásanna leochaileacha agus ar dhaoine a ndéanann an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach nó suaití sa mhargadh saothair difear dóibh, agus orthu siúd is faide ó mhargadh an tsaothair. Ba cheart CSE leanúint de bheith ag díriú ar an dífhostaíocht i measc na hóige agus ar shaincheist na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) trí luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a chosc, agus trí fheabhas struchtúrach a chur ar an aistriú ón scoil go dtí an obair, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a chur chun feidhme go hiomlán, rud a thacódh freisin le deiseanna fostaíochta ardcháilíochta don aos óg. Ina theannta sin, ba cheart infheistíocht a bheith á déanamh le CSE i gcónaí i scileanna atá ríthábhachtach don aistriú glas agus don aistriú digiteach.

agus comhionanna a áirithiú lena n-áirítear pá cothrom in earnálacha ina bhfuil ceannas ag mná, cothromaíocht oibre is saoil níos fearr, cúram leanaí ar ardchaighdeán, lena n-áirítear oideachas agus cúram luath-óige. Le CSE, ba cheart tacú leis na Ballstáit maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine dífhostaithe agus neamhghníomhacha trí chúnamh éifeachtach, tráthúil, comhordaithe agus saincheaptha atá bunaithe ar thacaíocht maidir le cuardaigh poist, oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin eile, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine atá i gcásanna leochaileacha agus ar dhaoine a ndéanann an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach nó suaití sa mhargadh saothair difear dóibh, agus orthu siúd is faide ó mhargadh an tsaothair. ***Ina theannta sin, ba cheart do CSE aistriú na mban atá ag gabháil d'obair chúraim neamhfhoirmiúil neamhchúititithe chuig fostaíocht íoctha a chur chun cinn, chun a riosca dífhostaíochta fadtéarmaí agus díorma ó mhargadh an tsaothair agus a spleáchas eacnamaíoch a laghdú. Tá sé ríthábhachtach freisin tacú le hath-imeascadh na mban in obair íoctha tar éis toirchis, saoire mháithreachais agus saoire do thuismitheoirí agus dálaí leormhaithe a áirithiú le haghaidh beathú cíche san ionad oibre.*** Ba cheart CSE leanúint de bheith ag díriú ar an dífhostaíocht i measc na hóige agus ar shaincheist na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) trí luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a chosc, agus trí fheabhas struchtúrach a chur ar an aistriú ón scoil go dtí an obair, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht atreisithe don Aos Óg a chur chun feidhme go hiomlán, rud a thacódh freisin le deiseanna fostaíochta ardcháilíochta don aos óg ***agus a bhfuil luach saothair cothrom*** ag dul leo. Ina theannta sin, ba cheart do CSE leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i scileanna atá ríthábhachtach don aistriú glas agus don

aistriú digiteach ***agus chun sochaí atá comhionann ó thaobh inscne de a bhaint amach.***

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Le CSE, ba cheart cur leis an soláthar saothair agus feabhas a chur ar oideachas agus ar oiliúint agus ar shealbhú scileanna ar feadh an tsaoil. Go háirithe, le CSE ba cheart cuidiú le dul chun cinn san oideachas agus san oiliúint agus san aistriú chuig an obair, tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear foghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a tharlaíonn ag gach céim den saol agus den infhostaitheacht, agus cur le hiomaíochas agus le nuálaíocht shochaíoch agus eacnamaíoch trí thacú le tionscnaimh inscálaithe agus inbhuanaithe sna réimsí sin. D'fhéadfaí sin a bhaint amach trí bhíthin foghlaim obairbhunaithe agus printíseachtaí, treoraíocht ar feadh an tsaoil, oirchill scileanna i gcomhar le hearnáil na tionsclaíochta, ábhair oiliúna nua-aimseartha, tuair, rianú céimithe, oiliúint oideachasóirí, bailíochtú torthaí foghlama agus aithint cáilíochtaí, mar shampla.	(14) Le CSE, ba cheart cur leis an soláthar saothair agus feabhas a chur ar oideachas agus ar oiliúint agus ar shealbhú scileanna ar feadh an tsaoil. Go háirithe, le CSE ba cheart cuidiú le dul chun cinn san oideachas agus san oiliúint agus san aistriú chuig an obair, tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear foghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a tharlaíonn ag gach céim den saol agus den infhostaitheacht, agus cur le hiomaíochas agus le nuálaíocht shochaíoch agus eacnamaíoch trí thacú le tionscnaimh inscálaithe agus inbhuanaithe sna réimsí sin. D'fhéadfaí sin a bhaint amach trí bhíthin foghlaim obairbhunaithe agus printíseachtaí, treoraíocht ar feadh an tsaoil, oirchill scileanna i gcomhar le hearnáil na tionsclaíochta, ábhair oiliúna nua-aimseartha, tuair, rianú céimithe, oiliúint oideachasóirí, bailíochtú torthaí foghlama agus aithint cáilíochtaí, mar shampla. ***Ós rud é go bhfuil rannpháirtíocht sa mhargadh saothair i bhfad níos ísle i measc na mban agus na bhfear faoi mhíchumas i gcomparáid leo siúd nach bhfuil, ba cheart CSE a úsáid chun ráthaíocht fostaíochta agus scileanna arna cistiú ag an Aontas a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas, gan srianta aoise, agus inspioráid á fáil ó thionscnaimh rathúla amhail an Ráthaíocht don Aos Óg, arb é is aidhm dóibh rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair oscailte a mhéadú agus rochtain ar***

	fhostaíocht, ar oiliúint agus ar bhreisoideachas a éascú.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Le CSE, ba cheart an rochtain ar sheirbhísí a éascú, lena n-áirítear nuachóiriú, digitiú agus athléimneacht seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh araon a neartú. Le CSE, ba cheart tacú leis na Ballstáit bearta a chur chun feidhme chun deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe agus chun comhdheiseanna a áirithiú do chách, agus go háirithe do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí a áirithiú. Chun comhdheiseanna agus soghluaisteacht lucht saothair a áirithiú, ní mór seirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta amhail oideachas agus cúram na luath-óige, cúram lasmuigh den scoil, seirbhísí oideachais agus oiliúna, agus cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh, go háirithe seirbhísí cúraim teaghlaigh agus pobalbhunaithe, a bheith ar fáil. Le CSE, ba cheart a áirithiú go mbeidh rochtain ag cách, lena n-áirítear leanaí, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, ar sheirbhísí fíor-riachtanacha ar ardchaighdeán. Ba cheart riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear inrochtaineacht, agus maireachtáil neamhspleách, a chur san áireamh i ndáil leis na seirbhísí sin. Le CSE, ba cheart rannchuidiú le nuachóiriú córas cosanta sóisialta d'fhonn iad a dhéanamh níos inrochtana, go háirithe.	(15) Le CSE, ba cheart an rochtain ar sheirbhísí a éascú, lena n-áirítear nuachóiriú, digitiú agus athléimneacht seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh araon a neartú. Le CSE, ba cheart tacú leis na Ballstáit bearta a chur chun feidhme chun deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe agus chun comhdheiseanna a áirithiú do chách, agus go háirithe do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí, ***lena n-áirítear seirbhísí sláinte***, a áirithiú. Chun comhdheiseanna agus soghluaisteacht lucht saothair a áirithiú, ní mór seirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta amhail oideachas agus cúram na luath-óige, cúram lasmuigh den scoil, seirbhísí oideachais agus oiliúna, agus cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh ***atá íogair ó thaobh inscne de***, go háirithe seirbhísí cúraim teaghlaigh agus pobalbhunaithe, chun comhdheiseanna, ***pá cothrom agus*** soghluaisteacht ***pinsin*** agus saothair a áirithiú. ***Chun na críche sin, ba cheart do CSE infheistíochtaí a chur chun cinn in oideachas agus i gcúram leanaí atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán agus i seirbhísí pobalbhunaithe agus cúraim baile ionas go mbeidh na Ballstáit in ann na dálaí a chruthú le haghaidh margaí saothair cuimsitheacha, sochaí atá cothrom ó thaobh inscne de agus fás eacnamaíoch níos athléimní. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag CSE freisin dálaí oibre a fheabhsú, lena n-áirítear pá cothrom agus***

tacú le cúramóirí neamhfhoirmiúla i gcomhréir le Straitéis Cúraim na hEorpa [1a], leis an gComhaontú Cúraim atá ar na bacáin agus leis na moltaí ón gComhairle maidir le cúram fadtéarmach [1b]. Le CSE, ba cheart a áirithiú go mbeidh rochtain ag cách, lena n-áirítear leanaí, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, ar sheirbhísí fíor-riachtanacha ar ardchaighdeán. Ba cheart riachtanais shonracha daoine, ***go háirithe*** mná faoi mhíchumas, ***a bhfuil bacainní ar leith fós rompu maidir le cuimsiú sóisialta, fostaíocht, oideachas agus rochtain ar sheirbhísí***, lena n-áirítear inrochtaineacht, agus maireachtáil neamhspleách, a chur i gcuntas i ndáil leis na seirbhísí sin. Le CSE, ba cheart rannchuidiú le nuachóiriú córas cosanta sóisialta d'fhonn iad a dhéanamh níos inrochtana, go háirithe. ***Ba cheart do CSE tacú leis na Ballstáit córais cúraim sláinte atá íogair ó thaobh inscne de a mhúnlú, agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais sláinte inscne-shonracha. Bíonn patrúin éagsúla sláinte ag mná ansin, lena n-áirítear, inter alia, riachtanais sláinte gnéis agus atáirgthe, ceisteanna sláinte máthar, riochtaí a bhaineann le sos míostraithe agus minicíocht níos airde go díréireach de ghalair ainsealacha áirithe. Is minic a bhíonn moilleanna diagnóiseacha sistéamacha agus 'laofacht péine' roimh mhná, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tréimhsí fada drochshláinte le linn a saoil oibre. Ós rud é go bhfuil breoiteacht fhadtéarmach agus aistrithe a bhaineann leis an tsláinte ina bpríomhspreagadh don neamhghníomhaíocht eacnamaíoch do mhná, ba cheart do CSE tacú le bearta spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní inscnebhunaithe sin a bhaineann leis an tsláinte. Ba cheart rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a áireamh sa rochtain ar chúram sláinte.***

_____

[1a] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52022DC0440

[1b] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=oj:JOC_2022_476_R_0001

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15a) An 26 Feabhra 2026 [1a], dúirt an Coimisiún Eorpach gur ábhar sláinte poiblí é ginmhilleadh neamhsháibháilte agus go bhfuil gá le rochtain ar ghinmhilleadh chun ceanglais na gConarthaí a chomhlíonadh. Ba cheart do na Ballstáit CSE a úsáid, ar bhonn deonach, agus i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, chun rochtain a thabhairt ar sheirbhísí ginmhillte atá ar fáil go dlíthiúil, atá sábháilte, inacmhainne agus ar ardchaighdeán do mhná i gcásanna leochaileacha, lena n-áirítear mná nach raibh sé d'acmhainn acu a mhalairt a dhéanamh, is cuma cá bhfuil cónaí orthu, is cuma cén náisiúntacht nó áit chónaithe atá acu, lena n-áirítear do mhná ó thíortha ina bhfuil ginmhilleadh neamhdhleathach.
	[1a] https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=C(2026)3225(=en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(16) Ba cheart tacaíocht trí CSE a úsáid chun comhdheiseanna do chách a chur chun cinn, chun tacú le líontáin sábhála láidre sóisialta, chun cuimsiú sóisialta agus cothroime idirghlúine a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac. Le CSE, ba cheart tacú le hiarrachtaí na mBallstát dul i ngleic leis an mbochtaineacht, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar dhíth ábharach, d'fhonn timthriall an mhíbhuntáiste ó ghlúin go glúin a bhriseadh agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí chomhionannas deiseanna a áirithiú do chách, aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú agus dul i ngleic le héagothromaíochtaí sláinte. Chuige sin is gá cineálacha éagsúla beartas a chur i bhfeidhm lena ndírítear ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste gan beann ar a n-aois, lena n-áirítear leanaí i mbochtaineacht, pobail imeallaithe amhail na Romaigh, agus oibrithe atá bocht agus na daoine is díothaí. Le CSE, ba cheart cuimsiú gníomhach daoine atá i bhfad amach ón margadh saothair a chur chun cinn, d'fhonn a lánpháirtiú socheacnamaíoch a áirithiú. Le CSE freisin, ba cheart dul i ngleic leis an easpa dídine, lena n-áirítear trí bhíthin bearta coisctheacha agus laghdaithe i gcomhréir le Dearbhú Liospóin 2021. Tá ról tábhachtach ag tacaíocht don nuálaíocht shóisialta maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach agus ba cheart, dá bhrí sin, í a chur chun cinn.

(16) Ba cheart úsáid a bhaint as tacaíocht trí CSE chun comhdheiseanna do chách a chur chun cinn, chun tacú le líontáin sábhála láidre sóisialta, chun cuimsiú sóisialta, ***comhionannas inscne*** idirghlúine a chothú agus chun an bhochtaineacht a chomhrac, ***lena n-áirítear bochtaineacht leanaí***. Le CSE, ba cheart tacú le hiarrachtaí na mBallstát dul i ngleic leis an mbochtaineacht, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar dhíth ábharach, d'fhonn timthriall an mhíbhuntáiste ó ghlúin go glúin a bhriseadh agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí chomhionannas deiseanna a áirithiú do chách, aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú agus dul i ngleic le héagothromaíochtaí sláinte ***lena n-áirítear an rochtain mhíchothrom ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil atá éagsúil ó Bhallstát go Ballstát.*** Chuige sin is gá cineálacha éagsúla beartas a chur i bhfeidhm lena ndírítear ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste gan beann ar a n-aois, ***a n-áit chónaithe, a n-inscne, a ngnéaschlaonadh, a bhféiniúlacht inscne, a gcine, a míchumas,*** lena n-áirítear leanaí atá faoi bhochtaineacht, pobail imeallaithe amhail na Romaigh, na daoine bochta atá ag obair agus na daoine is díothaí. Le CSE, ba cheart cuimsiú gníomhach daoine atá i bhfad amach ón margadh saothair a chur chun cinn, d'fhonn a lánpháirtiú socheacnamaíoch a áirithiú. Le CSE freisin, ba cheart dul i ngleic leis an easpa dídine, ***agus é á chur i gcuntas nach ionann an taithí atá ag mná ar an easpa dídine agus an taithí atá ag fir,*** lena n-áirítear bearta coisctheacha agus bearta maolaithe i gcomhréir le dearbhú Liospóin in 2021. Tá ról tábhachtach ag tacaíocht don nuálaíocht shóisialta maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach agus ba cheart, dá bhrí sin, í a chur chun cinn.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Is luachanna bunúsacha de chuid an Aontais iad prionsabail an daonlathais, an smacht reachta agus cosaint na gceart bunúsach. Is luachanna bunúsacha iad sin do gach uile dhuine, go háirithe dóibh siúd is leochailí. Thairis sin, tá ríthábhacht leo chun CSE a chur chun feidhme go héifeachtach. Dá bhrí sin, le CSE ba cheart tacú freisin leis na luachanna sin a chur chun cinn agus a chur chun feidhme don uile dhuine. Leanfaidh CSE freisin d'aghaidh a thabhairt ar chearta daoine faoi mhíchumas a chumhdaítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Áiritheofar leis comhleanúnachas le hAontas an Chomhionannais freisin agus lena Straitéisí gaolmhara1 arb é is aidhm dóibh idirdhealú atá ***bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh*** a chomhrac agus áiritheofar leis comhtháthú sóisialta trí shochaithe atá bunaithe ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha an duine agus atá oscailte, daonlathach, comhionann agus cuimsitheach a chothú agus a fhorbairt.	(17) Is luachanna bunúsacha de chuid an Aontais iad prionsabail an daonlathais, an smachta reachta, ***an chomhionannais, agus an comhionannas inscne***, agus cosaint na gceart bunúsach. Is luachanna bunúsacha iad sin do gach uile dhuine, go háirithe dóibh siúd is leochailí. Thairis sin, tá ríthábhacht leo chun CSE a chur chun feidhme go héifeachtach. Dá bhrí sin, le CSE ba cheart tacú freisin leis na luachanna sin a chur chun cinn agus a chur chun feidhme don uile dhuine. Leanfaidh CSE freisin d'aghaidh a thabhairt ar chearta daoine faoi mhíchumas a chumhdaítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ***lena n-áirítear mná agus cailíní.*** Áiritheofar leis freisin comhleanúnachas le hAontas an Chomhionannais agus lena straitéisí gaolmhara1, arb é is aidhm dóibh idirdhealú ***mar a shainmhínítear in aithris 4*** a chomhrac, agus comhtháthú sóisialta a áirithiú trí thacú le sochaithe oscailte, daonlathacha, cothromaíocha cuimsitheacha atá bunaithe ar chearta bunúsacha agus ar an smacht reachta agus trí fhorbairt na sochaithe sin a chothú.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Ceanglaítear le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna CNR] go n-urramóidh na Ballstáit prionsabail chothrománacha maidir leis na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí a ullmhú agus a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na Ballstáit ***a***	(18) Ceanglaítear le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna CNR] go n-urramóidh na Ballstáit prionsabail chothrománacha maidir leis na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí a ullmhú agus a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na Ballstáit

spreagadh freisin chun CSE a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun prionsabail chothrománacha a chur chun cinn amhail comhionannas inscne a chur chun cinn agus inrochtaineacht seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú agus daoine faoi mhíchumas a chumasú chun a bheith rannpháirteach go gníomhach.	CSE a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun prionsabail chothrománacha a chur chun cinn amhail comhionannas inscne a chur chun cinn agus inrochtaineacht seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú agus daoine faoi mhíchumas a chumasú chun a bheith rannpháirteach go gníomhach. ***Ba cheart comhionannas inscne agus peirspictíocht thrasnach a chomhtháthú ag gach céim de dhearadh, de chur chun feidhme, d'fhaireachán, de thuairisciú, de mheastóireacht agus d'iniúchóireacht an timthrialla cistiúcháin. Le meastóireacht eatramhach agus meastóireacht deiridh ar an gClár, ba cheart measúnú a dhéanamh ar thionchair inscne chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a rannchuidíonn sé le comhionannas inscne. Tá sé tábhachtach freisin faisnéis a chur ar fáil do thairbhithe agus do na Ballstáit maidir le conas comhionannas inscne a chur san áireamh, lena n-áirítear faisnéis maidir le príomhshruthú inscne a úsáid i mbuiséadú agus i measúnuithe tionchair inscne. Ba cheart comhionannas inscne a áirithiú nuair a théitear i gcomhairle le saineolaithe agus geallsealbhóirí. Ba cheart do na Ballstáit tuairisciú go rialta ar rannchuidiú chaiteachas CSE le cuspóirí comhionannais inscne ar bhonn táscairí imdhealaithe de réir inscne agus measúnú cáilíochtúil.***

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18a) Bíonn mná agus cailíní faoi mhíchumas níos neamhchosanta ar bhochtaineacht, eisiamh sóisialta, foréigean inscnebhunaithe agus dífhostaíocht fhadtéarmach. Dá bhrí sin, ba cheart do Chiste Sóisialta na hEorpa

	tacú le bearta sonracha lena ndírítear ar an ngrúpa sin, lena n-áiritheofar inrochtaineacht, comhdheiseanna agus rannpháirtíocht ghníomhach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18b) Ba cheart na Ballstáit a spreagadh freisin agus a bheith in ann CSE a úsáid le haghaidh cúram sláinte agus tionscadail a bhaineann le SRHR chun rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil a áirithiú gan cur isteach ar dhlíthe náisiúnta ná ar choimhdeacht.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Chun a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar ghné shóisialta na hEorpa faoi mar a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus go ndíreofar méid leordhóthanach acmhainní orthu sin is mó atá i ngátar, ba cheart do na Ballstáit acmhainní CSE a leithdháileadh ar chothú an chuimsithe shóisialta.	(19) Chun a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar ghné shóisialta na hEorpa faoi mar a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus go ndíreofar méid leordhóthanach acmhainní orthu sin is mó atá i ngátar, ba cheart do na Ballstáit acmhainní CSE a leithdháileadh ar chothú an chuimsithe shóisialta, ***ar an gcomhionannas inscne agus ar an bhforéigean inscnebhunaithe a chomhrac***.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19a) De réir Eurostat [1a], tá 64,6 milliún bean agus 57,6 milliún fear ag maireachtáil faoi bhochtaineacht sna Ballstáit faoi láthair, rud lena léirítear nach ionann tionchar na bochtaineachta ar mhná agus ar fhir; déanann an bhochtaineacht, an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú difear díréireach do ghrúpaí áirithe, go háirithe mná agus cailíní ó phobail imeallaithe; tá bacainní struchtúracha fós roimh na grúpaí sin maidir le rochtain ar fhostaíocht, ar oideachas, ar thithíocht agus ar sheirbhísí riachtanacha, lena n-áirítear seirbhísí sláinte. Tá baol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta díréireach ard do mhná i staideanna leochaileacha agus baineann idirdhealú trasnach leo mar a shainmhínítear in aithris 4. Tá baol níos airde ann go bhfulaingeoidh mná atá thíos leis an mbochtaineacht foréigean, lena n-áirítear foréigean ó pháirtnéirí agus foréigean teaghlaigh, mar gheall ar thosca amhail spleáchas airgeadais, éiginnteacht tithíochta agus rochtain laghdaithe ar sheirbhísí tacaíochta; Tá sé ríthábhachtach deireadh a chur le foréigin inscnebhunaithe chun a chur ar chumas na mban páirt iomlán a ghlacadh ina bpobail agus sa gheilleagar, rochtain a fháil ar oideachas, ar chúram sláinte, ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí sóisialta, agus ar an gcaoi sin neamhspleáchas eacnamaíoch agus neamhspleáchas coirp a bhaint amach.
	[1a] https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Living_conditions_in_Europe_-_subjective_poverty_statistics#:~:text=ilc_sbjp02)%20(ilc_sbjp03)-,Subjective%20poverty%20is%20more%20prominent%20for%20women%20than%20for%20men,men%20and%201

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Mar gheall ar an ngá ar leith atá ann tacú le leanaí i mbochtaineacht, ba cheart do na Ballstáit acmhainní CSE a chlársceidealú freisin chun aghaidh a thabhairt ar na bearta faoin Ráthaíocht do Leanaí.	(20) Mar gheall ar an ngá ar leith atá le tacaíocht a thabhairt do leanaí atá i mbochtaineacht, ba cheart do na Ballstáit acmhainní CSE a chlársceidealú freisin chun aghaidh a thabhairt ar na bearta faoin Ráthaíocht do Leanaí, ***go háirithe do leanaí ó limistéir thuaithe, iargúlta, thionsclaíocha agus mhianadóireachta, chomh maith le réigiúin fhorimeallacha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch, a bhfuil tionchar ag dídhaonrú orthu, a bhfuil rochtain theoranta acu ar sheirbhísí poiblí, agus ó limistéir a bhfuil tionchar ag an aistriú eacnamaíoch agus leibhéil arda dífhostaíochta orthu, agus EUR 20 billiún ar a laghad á leithdháileadh ar an Ráthaíocht do Leanaí laistigh den chéad CAI eile. Ba cheart CSE a ailíniú go hiomlán le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus cuspóirí sóisialta a dhéanamh sainráite ina thosaíochtaí agus ina rialacha caiteachais.***

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Le CSE, ba cheart rannchuidiú le bochtaineacht a laghdú trí thacaíocht a thabhairt do scéimeanna náisiúnta arb é is aidhm dóibh díth bia agus ábharach a mhaolú agus lánpháirtiú sóisialta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta agus lánpháirtiú na ndaoine is díothaí a chur chun cinn. Ba cheart do na	(21) Le CSE, ba cheart rannchuidiú le bochtaineacht ***chothaitheach*** a laghdú trí thacaíocht a thabhairt do scéimeanna náisiúnta arb é is aidhm dóibh díth bia agus ábharach a mhaolú agus lánpháirtiú sóisialta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta agus lánpháirtiú na ndaoine is díothaí a chur chun cinn ***agus***

Ballstáit acmhainní CSE a leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar na cineálacha fíorbhochtaineachta lena mbaineann an tionchar is mó ó thaobh eisiamh sóisialta de, amhail easpa dídine agus díth bia agus ábharach.	***riachtanais inscne-shonracha á gcur san áireamh, lena n-áirítear táirgí míosta agus sláinteachais.*** Ba cheart do na Ballstáit acmhainní CSE a leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar na cineálacha fíorbhochtaineachta lena mbaineann an tionchar is mó ó thaobh eisiamh sóisialta de, amhail easpa dídine agus díth bia agus ábharach. ***Níor cheart soláthar bia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach do na daoine is díothaí agus do na daoine is leochailí, amhail mná gan dídean agus máithreacha aonair, teacht in ionad na sochar sóisialta atá ann cheana a sholáthraítear dóibh faoi chórais shóisialta náisiúnta nó de bhun an dlí náisiúnta.***

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22a) Mar gheall ar a thábhachtaí atá rochtain ar chúram sláinte, ba cheart do CSE sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas (CEI) atá beartaithe, go háirithe maidir leis an gcuspóir tacú leis an tSláinte, agus leis an Rialachán atá beartaithe lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil don tréimhse 2028-2034 (plean CNR).

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

(24) Agus saintréithe agus srianta ar leith na réigiún is forimeallaí á gcur san	(24) Agus saintréithe agus srianta ar leith na réigiún is forimeallaí á gcur san

áireamh, ba cheart do na Ballstáit bearta a áireamh ina gCaibidil le haghaidh na réigiún is forimeallaí, bearta chun fostaíocht agus soghluaisteacht an lucht saothair a fheabhsú, go háirithe le haghaidh daoine óga, agus bearta chun oideachas agus scileanna agus cuimsiú sóisialta a fheabhsú.	áireamh, ba cheart do na Ballstáit bearta a áireamh ina gCaibidil le haghaidh na réigiún is forimeallaí, bearta chun fostaíocht agus ***soghluaisteacht an lucht saothair*** a fheabhsú, go háirithe le haghaidh daoine óga ***agus do mhná atá lasmuigh den mhargadh saothair,*** agus bearta chun oideachas agus scileanna agus cuimsiú sóisialta a fheabhsú.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(25a) Ba cheart do CSE fiontraíocht na mban a chur chun cinn trí bhacainní ar chruthú agus fás gnó a laghdú, lena n-áirítear ualaí rialála agus rochtain theoranta ar chaipiteal. Leis an gcistiú, ba cheart tús áite a thabhairt d'fhiontair inscálaithe faoi stiúir ban agus cailíní, rud a chothóidh cultúr úinéireachta, nuálaíochta agus neamhspleáchais eacnamaíoch.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Déanfaidh na Ballstáit, i ngach cás inar féidir, táscairí leochaileachta agus eisiaimh shóisialta a chomhtháthú sa chreat feidhmíochta chun a áirithiú go rachaidh infheistíochtaí CSE chun tairbhe go héifeachtach do na grúpaí is leochailí.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 2a
	1. Tacóidh Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) go háirithe leis na cuspóirí sonracha seo a leanas:
	(a) rochtain ar bhearta fostaíochta agus gníomhachtaithe do gach cuardaitheoir poist a fheabhsú, go háirithe do dhaoine óga, go háirithe tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme, do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair, agus do dhaoine neamhghníomhacha, do mhná atá ag gabháil d'obair chúraim neamhfhoirmiúil neamhchúitithe, agus trí fhéinfhostaíocht agus an geilleagar sóisialta a áirítear sa gheilleagar sóisialta margaidh a chur chun cinn;
	(b) cáilíocht, cuimsitheacht, éifeachtacht agus ábharthacht an mhargaidh saothair ó thaobh córais oideachais agus oiliúna de a fheabhsú, lena n-áirítear trí fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhailíochtú, chun sealbhú príomhinniúlachtaí a éascú, scileanna fiontraíochta agus digiteacha san áireamh, agus trí thabhairt isteach córas dé-oiliúna agus printíseachtaí a chur chun cinn;
	(c) rochtain chomhionann ar oideachas agus oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach, agus críochnú an oideachais agus na hoiliúna sin, a chur chun cinn, go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, ón oideachas luath-óige go dtí an t-oideachas aosach, lena gcuirtear foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn, go háirithe deiseanna solúbtha uas-scilithe agus athscilithe do chách agus scileanna fiontraíochta agus digiteacha á gcur san áireamh, athruithe agus riachtanais nua scileanna a thuar ar

bhealach níos fearr bunaithe ar riachtanais mhargadh an tsaothair, aistrithe gairme a éascú agus soghluaisteacht ghairmiúil a chur chun cinn, lena n-áirítear soghluaisteacht foghlama do chách agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a éascú;

(d) comhdheiseanna agus neamh-idirdhealú a chothú trí bhacainní struchtúracha, cultúrtha agus bacainní a shainaithint agus a dhíothú; comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim agus na saoire comhroinnte cúraim tuismitheora a chur chun cinn, agus infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí cúraim atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán, cothromaíocht oibre is saoil a neartú, lena n-áirítear trí shocruithe solúbtha oibre don bheirt tuismitheoirí, poist ardcháilíochta, chobhsaí agus chothroma a áirithiú, agus

(e) deireadh a chur le hidirdheighilt agus idirdhealú inscne ceirde san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear trí rochtain do mhná agus do chailíní ar réimsí ETIM, scileanna digiteacha, poist ghlasa agus poist chinnteoireachta a chur chun cinn;

(f) lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír a chur chun cinn, go háirithe mná imirceacha;

(g) lánpháirtiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe a chur chun cinn, go háirithe mná Romacha;

(h) feabhas a chur ar rochtain chomhionann thráthúil ar sheirbhísí ardcháilíochta, inbhuanaithe agus inacmhainne, lena gcuirtear chun cinn rochtain ar thithíocht leormhaith, inacmhainne, inbhuanaithe agus chuibhiúil, go háirithe do mháithreacha aonair;

(i) córais cosanta sóisialta a nuachóiriú, lena n-áirítear rochtain ar chosaint shóisialta a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar mhná go háirithe

máithreacha aonair agus grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste;

(j) feabhas a chur ar inrochtaineacht, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas, ar éifeachtacht agus ar athléimneacht na gcóras cúraim sláinte agus na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh;

(k) lánpháirtiú sóisialta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí sciar díréireach na mban nó na dteaghlach faoi cheannas ban i measc na mbochtán a chomhrac, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná atá i staideanna leochaileacha, go háirithe iad siúd a bhfuil cineálacha trasnacha idirdhealaithe os a gcomhair agus aghaidh á tabhairt ar bhochtaineacht lucht oibre, ar fhostaíocht fhorbhásach agus ar bhearnaí pinsin;

(l) tacaíocht d'fhiontair agus d'eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta, mar phríomhghníomhaithe d'fhostaíocht chuimsitheach na mban, do chomhionannas deiseanna, do chomhtháthú críochach agus do lánpháirtiú cailíní agus ban a bhaineann le grúpaí leochaileacha;

(m) aghaidh a thabhairt ar an díth ábhartha trí bhia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach a thabhairt do na daoine is díothaí, leanaí san áireamh, agus bearta tionlacain a thacóidh lena lánpháirtiú sóisialta a chur ar fáil;

(n) an easpa dídine a chomhrac, go háirithe do mhná agus do leanaí;

(o) rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte sóisialta agus poiblí do ghrúpaí i gcásanna leochaileacha, agus béim á leagan ar chúram sláinte duinelárnach, lena dtugtar aghaidh ar riachtanais sláinte inscne-shonracha lena n-áirítear raon iomlán na sláinte gnéis agus atáirgthe lena n-áirítear seirbhísí ginmhillte a sholáthar dóibh siúd nach féidir leo rochtain a fháil uirthi.

	2. Is ionann na cuspóirí sonracha uile dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus ceanglas le haghaidh an phlean CNR de réir bhrí Airteagal 22 den Rialachán maidir leis an bPlean CNR.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit agus na réigiúin, i gcás inarb iomchuí, cur chuige comhtháite a leagan amach i gcaibidil thiomnaithe amháin nó níos mó den Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a eascróidh as an aistriú déimeagrafach.	Déanfaidh na Ballstáit agus na réigiúin, i gcás inarb iomchuí, cur chuige comhtháite a leagan amach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as an aistriú déimeagrafach, ***lena n-áirítear na dúshláin shonracha sláinte atá os comhair na mban agus go háirithe chun rochtain ar sheirbhísí atáirgthe a áirithiú,*** i gcaibidil thiomnaithe amháin nó níos mó den Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, ***agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí leochaileacha a ndéanann aosú, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta difear díréireach dóibh***. ***Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an tionchar ar dhul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha, amhail aosú an daonra, an laghdú atá ag teacht ar an daonra in aois oibre agus an deighilt uirbeach-tuaithe atá ag dul i méid.***

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tacaíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábharach	Tacaíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábharach ***agus ar bhochtaineacht***

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ***Féadfaidh*** na Ballstáit tacaíocht a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábharach trí bhia agus earraí a dháileadh atá i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais.	(1) ***Déanfaidh*** na Ballstáit tacaíocht a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábharach trí bhia agus earraí a dháileadh atá i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Is ar bhonn critéir oibiachtúla a bhaineann le riachtanais na ndaoine is díothaí a roghnóidh na Ballstáit agus na tairbhithe an bia agus/nó an cúnamh ábhartha bunúsach. Cuirfear gnéithe a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol san áireamh chomh maith sna critéir roghnúcháin le haghaidh bia agus le haghaidh earraí i gcás inarb iomchuí, chun aistriú glas atá cóir agus cothrom a áirithiú go háirithe d'fhonn cur amú bia agus plaistigh aon úsáide a laghdú. I gcás inarb iomchuí, roghnófar cineál na dtáirgí bia a bheidh le dáileadh tar éis breithniú a dhéanamh ar an dóigh a rannchuideoidh na táirgí sin le haiste bia chothrom a bheith ag na daoine is díothaí. Is féidir an bia agus/nó an cúnamh ábhartha bunúsach a sholáthar go díreach do na daoine is díothaí nó go hindíreach, mar shampla, trí bhíthin dearbháin nó cártaí, i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm eile, ar choinníoll nach féidir iad a fhuascailt ach amháin i gcomhair bia agus/nó cúnamh ábharach bunúsach. Beidh tacaíocht do na daoine is díothaí sa bhreis ar aon sochar sóisialta a d'fhéadfadh córais shóisialta náisiúnta a sholáthar nó a d'fhéadfaí a sholáthar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.	(2) Roghnóidh na Ballstáit agus na tairbhithe an bia agus/nó an cúnamh ábhartha bunúsach ar bhonn critéir oibiachtúla a bhaineann le riachtanais na ndaoine is díothaí, ***agus riachtanais inscne-shonracha á gcur i gcuntas, amhail táirgí míosta riachtanacha agus saoráidí sláinteachais agus riachtanais na mban agus na gcailíní i gcásanna bochtaineachta, easpa dídine nó foréigin.*** Cuirfear gnéithe a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol san áireamh chomh maith sna critéir roghnúcháin le haghaidh bia agus le haghaidh earraí i gcás inarb iomchuí, chun aistriú glas atá cóir agus cothrom a áirithiú go háirithe d'fhonn cur amú bia agus plaistigh aon úsáide a laghdú. I gcás inarb iomchuí, roghnófar cineál na dtáirgí bia a bheidh le dáileadh tar éis breithniú a dhéanamh ar an dóigh a rannchuideoidh na táirgí sin le haiste bia chothrom a bheith ag na daoine is díothaí. Is féidir an bia agus/nó an cúnamh ábhartha bunúsach a sholáthar go díreach do na daoine is díothaí nó go hindíreach, mar shampla, trí bhíthin dearbháin nó cártaí, i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm eile, ar choinníoll nach féidir iad a fhuascailt ach amháin i gcomhair bia agus/nó cúnamh ábharach bunúsach. Beidh tacaíocht do na

	daoine is díothaí ***ar mná iad go minic,*** sa bhreis ar aon sochar sóisialta a d'fhéadfadh córais shóisialta náisiúnta a sholáthar nó a d'fhéadfaí a sholáthar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. ***I ngeall ar chineál na n-oibríochtaí agus chineál na bhfaighteoirí deiridh, beidh feidhm ag rialacha níos simplí maidir le tacaíocht arb é is aidhm di aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha na ndaoine is díothaí.***

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Chun críocha an Airteagail sin, ciallaíonn 'na daoine is díothaí' daoine nádúrtha, bídís daoine aonair, teaghlaigh, líonta tí nó grúpaí daoine, lena n-áirítear leanaí i gcásanna leochaileacha agus daoine gan dídean, ar suíodh a ngá le cúnamh de réir na gcritéar oibiachtúil a leag na húdaráis inniúla náisiúnta síos i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha, agus coinbhleachtaí leasa á seachaint, agus ar critéir iad a bhféadfaidh gnéithe a bheith iontu lena gceadófar díriú ar na daoine is díothaí i limistéir gheografacha ar leith.	(5) Chun críocha an Airteagail sin, ciallaíonn 'na daoine is díothaí' daoine nádúrtha, bídís daoine aonair, teaghlaigh, líonta tí nó grúpaí daoine, lena n-áirítear leanaí i gcásanna leochaileacha agus daoine gan dídean, ar suíodh a ngá le cúnamh de réir na gcritéar oibiachtúil a leag na húdaráis inniúla náisiúnta síos i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha, agus coinbhleachtaí leasa á seachaint, agus ar critéir iad a bhféadfaidh gnéithe a bheith iontu lena gceadófar díriú ar na daoine is díothaí i limistéir gheografacha ar leith, ***agus leochaileachtaí sonracha na mban á gcur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil idirdhealú trasnach os a gcomhair agus á chur san áireamh freisin go bhfuil sé ríthábhachtach deireadh a chur le gach cineál foréigin inscnebhunaithe chun bochtaineacht na mban a dhíothú.***

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

Airteagal 6a

Tacaíocht do chomhdheiseanna, do chomhionannas inscne agus do rochtain ar an margadh saothair

1. Trí Chiste Sóisialta na hEorpa, déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún comhionannas inscne a chur chun cinn go gníomhach agus go córasach agus rannchuideoidh siad le fíorú iomlán na bPrionsabal maidir le Sochaí atá Comhionann ó thaobh Inscne de agus Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus go háirithe trí dheireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe inscnebhunaithe i margadh an tsaothair.

2. Tacóidh CSE leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhacainní inscne-shonracha maidir le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, lena n-áiritheofar pá comhionann as obair chomhionann agus obair ar comhionann a luach, trí aghaidh a thabhairt ar thearcluacháil struchtúrach earnálacha ina bhfuil ceannas ag mná, chomh maith le dul i ngleic le deighilt mhargadh an tsaothair, cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a chur chun cinn lena n-áirítear trí shocruithe solúbtha oibre don dá thuismitheoir, rochtain na mban ar phoist ardcháilíochta agus ar chonairí fiontraíochta a éascú, trí dhreasachtaí do chuideachtaí mná a fhostú agus a chur chun cinn, ag brath ar shaoire atharthachta agus ar shaoire chomhroinnte cúraim tuismitheora agus rochtain ar chúram leanaí inacmhainne, inrochtana ar ardchaighdeán agus ar sheirbhísí cúraim fhoirmiúil eile a áirithiú.

3. Glacfaidh CSE cur chuige cuimsitheach chun cur i gcoinne an fhíorais go ndéantar ionadaíocht dhíréireach ar mhná nó ar theaghlaigh faoi cheannas ban i measc na mbochtán agus chun deireadh a chur le hidirdhealú inscne san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear maidir le rochtain ar

réimsí ETIM, agus rannpháirtíocht chomhionann na mban i bpoist cheannaireachta agus chinnteoireachta a chur chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht oibre, ar fhostaíocht fhorbhásach agus ar bhearna phinsin.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6b
	Tacaíocht do rochtain chomhionann ar sheirbhísí cúraim sláinte ar ardchaighdeán
	Tacóidh CSE leis an gcuspóir feabhas a chur ar rochtain uilíoch agus thráthúil ar sheirbhísí cúraim sláinte ardcháilíochta, inbhuanaithe agus inacmhainne, lena n-áirítear seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe do mhná atá i staideanna leochaileacha. Moltar go láidir do na Ballstáit CSE a úsáid chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí ginmhillte atá ar fáil go dlíthiúil agus inacmhainne a chur ar fáil, do mhná i staideanna leochaileacha nach mbeadh sé d'acmhainn acu íoc astu murach sin, gan beann ar a náisiúntacht ná ar a n-áit chónaithe, lena n-áirítear do mhná nach bhfuil rochtain acu ar na seirbhísí sin ina mBallstáit. Tacóidh na Ballstáit freisin leis na cuspóirí maidir le feabhas a chur ar inrochtaineacht, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas, ar éifeachtacht agus athléimneacht córas cúraim sláinte agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, tacú le bearta do mhná agus do lánúineacha a dhiagnóisítear go bhfuil neamhthorthúlacht ag baint leo, i bhfianaise mheath suntasach déimeagrafach an Aontais i gcás ina mbíonn bacainní eacnamaíocha, sóisialta nó leighis rompu a chuireann teorainn

leis an rochtain atá acu ar sheirbhísí cúraim sláinte.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6c
	Prionsabail chothrománacha
	1. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit bearta iomchuí fóinteacha cosc a chur ar aon idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh, ar fhéiniúlacht inscne, agus le linn ullmhú, chur chun feidhme, fhaireachán, thuairisciú agus mheastóireacht na n-oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gclár seo.
	Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar comhionannas inscne a chomhtháthú agus go gcuirfear príomhshruthú inscne i bhfeidhm mar phrionsabal cothrománach agus trasearnálach i rith ullmhú, chur chun feidhme, fhaireachán, thuairisciú agus mheastóireacht na noibríochtaí dá dtugtar tacaíocht, lena náirítear trí úsáid a bhaint as measúnuithe agus sonraí imdhealaithe de réir gnéis/inscne. Cuirfidh sé chun cinn na prionsabail chothrománacha dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 de Rialachán 2025/0545(COD) ('an Rialachán Feidhmíochta') lena mbunaítear an riail maidir le creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear cur i bhfeidhm comhleanúnach an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus phrionsabal an chomhionannais inscne. Ba cheart a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach

	neamhbheartaithe ag aon cheann de na gníomhaíochtaí a chistítear ar chomhionannas inscne.
	Cuirfidh an Coimisiún treoir theicniúil ar fáil do na Ballstáit maidir leis an modheolaíocht príomhshruthaithe inscne dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2, lena n-áirítear íoscheanglais, anailís inscne agus measúnú ar chomhionannas inscne.
	Tuairisceoidh na Ballstáit go rialta ar rannchuidiú chaiteachas CSE le cuspóirí comhionannais inscne ar bhonn táscairí imdhealaithe de réir inscne agus measúnú cáilíochtúil.

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirtíocht fhóinteach na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le tacaíocht a sholáthar le haghaidh beartais fostaíochta ardcháilíochta, oideachais agus scileanna agus cuimsithe shóisialta i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán XX [Pleananna CNR].	Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirtíocht fhóinteach na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear ***eagraíochtaí a chuireann cearta na mban agus comhionannas inscne chun cinn chomh maith le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar mhná i staideanna leochaileacha*** maidir le tacaíocht a sholáthar le haghaidh beartais fostaíochta ardcháilíochta, oideachais agus scileanna agus cuimsithe shóisialta i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán XX [Pleananna CNR].

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(2) Ceapfaidh gach Ballstát ionadaí amháin ón rialtas, ionadaí amháin ó eagraíochtaí na n-oibrithe, ionadaí amháin ó eagraíochtaí na bhfostóirí agus ionadaí malartach do gach comhalta ar feadh uastréimhse 7 mbliana. Mura mbeidh an comhalta i láthair, beidh an t-ionadaí malartach i dteideal páirt a ghlacadh sna himeachtaí go huathoibríoch. Ar an gCoiste beidh ionadaí amháin ó gach eagraíocht freisin lena ndéantar ionadaíocht ar eagraíochtaí na n-oibrithe agus ar eagraíochtaí na bhfostóirí ar leibhéal an Aontais.

(2) Ceapfaidh gach Ballstát ionadaí amháin ón rialtas, ionadaí amháin ó eagraíochtaí na n-oibrithe, ionadaí amháin ó eagraíochtaí na bhfostóirí ***chomh maith le hionadaithe ó ESSanna, lena n-áirítear iad siúd atá ag obair ar chomhionannas inscne, ar chearta na mban agus ar chearta daoine faoi mhíchumas agus grúpaí leochaileacha,*** agus ionadaí malartach amháin do gach comhalta ar feadh uastréimhse 7 mbliana. Mura mbeidh an comhalta i láthair, beidh an t-ionadaí malartach i dteideal páirt a ghlacadh sna himeachtaí go huathoibríoch. Ar an gCoiste beidh ionadaí amháin ó gach eagraíocht freisin lena ndéantar ionadaíocht ar eagraíochtaí na n-oibrithe agus ar eagraíochtaí na bhfostóirí ar leibhéal an Aontais.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

1 Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

AN NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Ciste Sóisialta na hEorpa a bhunú mar chuid de chreat na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [maidir le Pleananna CNR], agus ar Ciste é lena mbunaítear coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034
Tagairtí	COM(2025)0558 – C10-0172/2025 – 2025/0239(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 23.10.2025
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	FEMM 23.10.2025
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Alessandra Moretti 12.1.2026
Pléite sa choiste	24.3.2026 5.5.2026
Dáta an ghlactha	23.6.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 25 –: 9 0: 2

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

25	+
PPE	Csaba Bogdán, Michalis Hadjipantela, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Eleonora Meleti, Mirosława Nykiel, Sirpa Pietikäinen, Giusi Princi, Michał Wawrykiewicz
Renew	Abir Al-Sahlani, Valérie Devaux, Jana Toom, Lucia Yar
S&D	Sofie Eriksson, Lina Gálvez, Elisabeth Grossmann, Alessandra Moretti, Joanna Scheuring-Wielgus, Cecilia Strada, Marko Vešligaj
An Chlé	Hanna Gedin, Irene Montero, Carolina Morace
Verts/ALE	Mélissa Camara, Alexandra Geese, Benedetta Scuderi

9	-
ECR	Chiara Gemma, Bert-Jan Ruissen, Jessika van Leeuwen
ESN	Irmhild Boßdorf
NI	Judita Laššáková
PPE	Miriam Lexmann
PfE	Elisabeth Dieringer, Viktória Ferenc, Margarita de la Pisa Carrión

2	0
PfE	Mélanie Disdier, Séverine Werbrouck

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh